2024/1879

10.7.2024

RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2024/1879 ÓN gCOIMISIÚN

an 9 Iúil 2024

lena leagtar síos rialacha maidir le cur i bhfeidhm Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le ceanglais fritháirimh a ríomh chun críoch CORSIA

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Deireadh Fómhair 2003 lena mbunaítear córas i ndáil le trádáil lamháltas astaíochtaí gás ceaptha teasa laistigh den Aontas agus lena leasaítear Treoir 96/61/CE ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 12(8) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Leasaíodh Treoir 2003/87/CE le Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([2]) in 2023 chun rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais maidir le hastaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair a mhéadú agus chun an Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) a chur chun feidhme go hiomchuí. Leis an leasú sin, coinnítear ar bun raon feidhme Chóras Trádála Astaíochtaí an Aontais le haghaidh eitiltí laistigh den Eoraip agus cuirtear CORSIA i bhfeidhm maidir le heitiltí seachas eitiltí laistigh de LEE agus eitiltí idir LEE agus an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe.

(2) Tá CORSIA i bhfeidhm ó bhí 2019 ann chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí. Tá sé beartaithe go mbeidh sé ina bheart margadhbhunaithe a chuirfear i bhfeidhm go domhanda arb é is aidhm dó astaíochtaí dé-ocsaíde carbóin eitlíochta idirnáisiúnta a fhritháireamh ó mhí Eanáir 2021 ar aghaidh. Is é leibhéal astaíochtaí eitlíochta 2019 an bhonnlíne le haghaidh 2023 maidir le fritháireamh. Is é 85 % de leibhéal astaíochtaí eitlíochta 2019 an bhonnlíne maidir le fritháireamh ó 2024 ar aghaidh. Déanfar an fritháireamh os cionn na bonnlíne trí chreidmheasanna fritháirimh áirithe a chur ar ceal agus trí bhreoslaí eitlíochta a úsáid, arna dtuairisciú i gcomhréir le forálacha an ghnímh tharmligthe de bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE ('breoslaí incháilithe CORSIA').

(3) An 27 Meitheamh 2018, ag an deichiú cruinniú den 214ú seisiún de Chomhairle ICAO, ghlac sí an Chéad Eagrán d'Iarscríbhinn 16, Imleabhar IV, a ghabhann leis an gCoinbhinsiún um Eitlíocht Shibhialta Idirnáisiúnta a síníodh an 7 Nollaig 1944 – CORSIA, lena mbunaítear na Caighdeáin Idirnáisiúnta agus na Cleachtais Mholta Idirnáisiúnta maidir le Cosaint an Chomhshaoil le haghaidh CORSIA (SARPanna CORSIA). Tá an tAontas agus na Ballstáit ag cur CORSIA chun feidhme de réir mar is iomchuí ó thús 2021-2023 i gcomhréir le Cinneadh (AE) 2020/954 ón gComhairle ([3]). Ghlac ICAO an Dara hEagrán de SARPanna CORSIA an 20 Márta 2023. Tháinig éifeacht leis an 31 Iúil 2023 agus tháinig sé i bhfeidhm an 1 Eanáir 2024.

([1]) IO L 275, 25.10.2003, lch. 32, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2003/87/oj.

([2]) Treoir (AE) 2023/958 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 10 Bealtaine 2023 lena leasaítear Treoir 2003/87/CE a mhéid a bhaineann le rannchuidiú na heitlíochta le sprioc an Aontais astaíochtaí a laghdú ar fud an gheilleagair agus le cur chun feidhme iomchuí birt dhomhanda mhargadhbhunaithe (IO L 130, 16.5.2023, lch. 115, ELI: http://data.europa.eu/eli/dir/2023/958/oj).

([3]) Cinneadh (AE) 2020/954 ón gComhairle an 25 Meitheamh 2020 maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh laistigh den Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir leis an bhfógra a thabhairt faoi rannpháirtíocht shaorálach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) ón 1 Eanáir 2021 agus an rogha a roghnaíodh chun ceanglais fritháirithe ar oibreoirí aerárthaí a ríomh le linn na tréimhse 2021-2023 (IO L 212, 3.7.2020, lch. 14, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2020/954/oj).

(4) De bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE, glacadh Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún ([4]) chun CORSIA a chur chun feidhme go hiomchuí chun faireachán, tuairisciú agus fíorú a dhéanamh ar astaíochtaí eitlíochta. Tá Rialachán tarmligthe (AE) 2019/1603 le tabhairt cothrom le dáta chun rialáil iomchuí a dhéanamh ar thuairisciú bhreoslaí incháilithe CORSIA arna ndeimhniú le comhlachtaí deimhniúcháin CORSIA agus ar thuairisciú agus fíorú chealú na n-aonad incháilithe maidir le fritháireamh faoi CORSIA.

(5) An 7 Deireadh Fómhair 2022, chinn an 41ú Comhthionól ICAO bonnlíne CORSIA a bhí ann roimhe sin a athrú ó mheán astaíochtaí CO_2 2019 agus 2020 le haghaidh na tréimhse ó 2021 go 2023 go hastaíochtaí CO_2 2019, agus le haghaidh na tréimhse 2024 go 2035 go 85 % d'astaíochtaí CO_2 2019.

(6) Chun ceanglais fritháirimh a ríomh maidir le CORSIA, an liosta Stát a meastar go bhfuil CORSIA á chur i bhfeidhm acu, ar liosta é a ghlac an gCoimisiún de bhun Airteagal 25a(3) agus ar fhoilsigh an Coimisiún é le haghaidh na bliana ábhartha, ba cheart do na Ballstáit é a chur san áireamh. Tá an liosta Stát sin éagsúil leis an liosta a d'fhoilsigh Rúnaíocht ICAO, ós rud é go n-eisiatar leis tíortha LEE, an Eilvéis agus an Ríocht Aontaithe, agus ós rud é nach gcuirtear san áireamh ach na Stáit sin a meastar go bhfuil CORSIA á chur chun feidhme acu chun críocha Threoir 2003/87/CE. Thairis sin, níor cheart bealaí atá díolmhaithe de bhun Airteagal 25a(7) de Threoir 2003/87/CE a áireamh sa ríomh ar chúiseanna a bhaineann le cóir chomhionann d'oibreoirí atá bunaithe san Aontas.

(7) De réir SARPanna CORSIA, iontrálaithe oibreoirí aerárthaí nua, agus oibreoirí aerárthaí a bhfuil méid beag astaíochtaí acu lena bhfritháireamh, níor cheart aon cheanglas fritháirimh a bheith orthu faoi CORSIA, le fritháireamh roghnach maidir le hoibreoirí aerárthaí a bhfuil méid beag astaíochtaí acu lena bhfritháireamh. Socraítear tairseacha na ndíolúintí sin ionas go mbainfidh siad le méid íosta astaíochtaí. Ceanglaítear le hAirteagal 12(8) de Threoir 2003/87/CE gur cheart do na rialacha lena sainítear an mhodheolaíocht chun ceanglas fritháirimh CORSIA a ríomh SARPanna CORSIA a leanúint a mhéid is féidir i bhfianaise fhorálacha ábhartha na Treorach seo. Chun cothrom iomaíochta a thabhairt do thionscal eitlíochta na hEorpa, ba cheart na díolúintí céanna a chur san áireamh i gcur chun feidhme CORSIA san Aontas.

(8) I gcomhréir le hAirteagal 12(7) agus (9) de Threoir 2003/87/CE, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo maidir le ríomh na gceanglas fritháirimh i ndáil le CORSIA atá ábhartha d'astaíochtaí a dhéantar ón 1 Eanáir 2023 go dtí an 31 Nollaig 2026. Le linn na tréimhse sin, níor cheart ríomh na toisce fáis a bhunú ach ar fhás na hearnála.

(9) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón gCoiste um Athrú Aeráide,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Raon feidhme

Beidh feidhm ag an Rialachán seo maidir le hoibreoirí aerárthaí a chomhlíonann na coinníollacha a leagtar amach in Airteagal 12(6), an tríú agus an ceathrú fomhír de Threoir 2003/87/CE.

Airteagal 2

Sainmhínithe

Chun críche an Rialacháin seo, tá feidhm ag na sainmhínithe seo a leanas:

(1) ciallaíonn 'eitilt idirnáisiúnta' oibriú eitleáin ó éirí de thalamh ag aeradróm Stáit nó ag a chríocha, agus tuirlingt ag aeradróm Stáit eile nó ag a chríocha;

([4]) Rialachán Tarmligthe (AE) 2019/1603 ón gCoimisiún an 18 Iúil 2019 lena bhforlíontar Treoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a mhéid a bhaineann le bearta a ghlac an Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta maidir le faireachán, tuairisciú agus fíorú astaíochtaí eitlíochta chun beart domhanda margadhbhunaithe a chur chun feidhme (IO L 250, 30.9.2019, lch. 10), ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_del/2019/1603/oj).

(2) ciallaíonn 'breosla incháilithe CORSIA' breosla eitlíochta a tuairiscíodh i gcomhréir le forálacha an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE agus a fhéadfaidh oibreoir aerárthaí a úsáid dá bhrí sin chun a cheanglas fritháirimh a laghdú i gcomhréir le hAirteagal 3(3);

(3) ciallaíonn 'ceanglas fritháirimh' an méid astaíochtaí CO_2 is gá a fhritháireamh de bhun Airteagal 12(9) de Threoir 2003/87/CE;

(4) ciallaíonn 'Toisc Fáis na hEarnála' nó 'TFE' iolraitheoir a fhoilsítear i ndoiciméad de chuid na hEagraíochta Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) dar teideal 'Toisc Fáis Earnáil Bhliantúil CORSIA (TFE)' agus a ríomhann Rúnaíocht ICAO de réir na modheolaíochta seo a leanas:

(a) TFE is infheidhme maidir le hastaíochtaí CO_2 a rinneadh go dtí an 31 Nollaig 2023:

$SGF_y = (SE_y - SE_{B,y})/SE_y$

i gcás:

SE_y = Astaíochtaí CO_2 earnálacha iomlána ó eitiltí idirnáisiúnta a dhéanann oibreoirí aerárthaí idir dhá Stát atá rannpháirteach sa Scéim Fritháirithe agus Laghdaithe Carbóin don Eitlíocht Idirnáisiúnta (CORSIA) sa bhliain áirithe *y*; agus

$SE_{B,y}$ = Astaíochtaí CO_2 earnálacha bliantúla iomlána in 2019 ó eitiltí idirnáisiúnta a dhéanann oibreoirí aerárthaí idir Stáit atá rannpháirteach in CORSIA sa bhliain áirithe *y*;

(b) TFE is infheidhme maidir le hastaíochtaí CO_2 a dhéantar ón 1 Eanáir 2024 go dtí an 31 Nollaig 2026:

$SGF_y = (SE_y - SE_{B,y})/SE_y$

i gcás:

SE_y = Astaíochtaí CO_2 earnálacha iomlána ó eitiltí idirnáisiúnta a dhéanann oibreoirí aerárthaí idir dhá Stáit atá rannpháirteach in CORSIA sa bhliain áirithe *y*; agus

$SE_{B,y}$ = 85 % de na hastaíochtaí CO_2 earnálacha bliantúla iomlána in 2019 ó eitiltí idirnáisiúnta a dhéanann oibreoirí aerárthaí idir dhá Stáit atá rannpháirteach in CORSIA sa bhliain áirithe *y*.

Airteagal 3

Ceanglais fritháirimh CO_2 bhliantúla

(1) Déanfaidh na Ballstáit na ceanglais fritháirimh a ríomh gach bliain le haghaidh na bliana féilire roimhe sin i leith eitiltí ar bhealaí idir Ballstát agus Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE chomh maith le heitiltí idir Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE, agus eitiltí idir an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE, seachas bealaí atá díolmhaithe de bhun Airteagal 25a(7) de Threoir 2003/87/CE.

(2) Féadfaidh na Ballstáit na ceanglais fritháirimh a ríomh gach bliain le haghaidh na bliana féilire roimhe sin i leith eitiltí idirnáisiúnta idir aeradróm atá lonnaithe i gceann de na tíortha agus de na críocha thar lear a liostaítear in Iarscríbhinn II a ghabhann leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus aeradróm atá lonnaithe i mBallstát, ceann amháin de na tíortha agus de na críocha thar lear, an Eilvéis, an Ríocht Aontaithe nó na Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE.

(3) Le haghaidh gach ceann de na hoibreoirí aerárthaí a thuairiscigh astaíochtaí do na Ballstáit de bhun an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE, déanfaidh na Ballstáit na ceanglais fritháirimh a ríomh i mbliain áirithe, sa tréimhse dar thús an 1 Eanáir 2023 agus dar críoch an 31 Nollaig 2026, sula ndéanfar breithniú ar úsáid breoslaí incháilithe CORSIA, gach bliain mar a leanas:

$OR_y = OE_y * SGF_y$

i gcás:

OR_y = ceanglais fritháirimh an oibreora aerárthaí sa bhliain áirithe *y*;

OE_y = astaíochtaí CO_2 an oibreora aerárthaí ó eitiltí idirnáisiúnta a chumhdaítear sa bhliain áirithe *y*;

TFE_y = Toisc Fáis na hEarnála.

Ón 1 Eanáir 2023 suas go dtí an 31 Nollaig 2026, déanfaidh na Ballstáit astaíochtaí CO_2 an oibreora aerárthaí a chumhdaítear sa bhliain áirithe *y* a chur san áireamh mar na hastaíochtaí idir Ballstát agus Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE, chomh maith le heitiltí idir Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE, agus eitiltí idir an Eilvéis nó an Ríocht Aontaithe agus Stáit a liostaítear sa ghníomh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 25a(3) de Threoir 2003/87/CE.

Sa bhreis air sin, féadfaidh na Ballstáit astaíochtaí CO_2 a chumhdaítear sa bhliain áirithe *y* ó eitiltí idirnáisiúnta dá dtagraítear i mír 2 a chur san áireamh.

(4) Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le hiontrálaí oibreora aerárthaí nua ar feadh 3 bliana dar tús an bhliain nuair a chomhlíonann sé ceanglais an tsainmhínithe ar oibreoir aerárthaí, nó go dtí go rachaidh a astaíochtaí CO_2 bliantúla thar 0,1 faoin gcéad de na hastaíochtaí CO_2 iomlána ó eitiltí idirnáisiúnta a tuairiscíodh do ICAO agus a d'fhoilsigh ICAO in 2019, cibé acu is túisce. Beidh feidhm ag an Airteagal seo maidir leis na hoibreoirí sin an bhliain ina dhiaidh sin.

(5) Faoin 30 Samhain 2024, an 30 Samhain 2025, an 30 Samhain 2026 agus an 30 Samhain 2027, aerárthaí a thuairiscigh astaíochtaí do na Ballstáit de bhun an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE, cuirfidh na Ballstáit ar an eolas iad faoina gceanglais fritháirimh maidir leis an mbliain roimhe sin.

Airteagal 4

Ceanglais fritháirimh CO_2 iomlána chríochnaitheacha le haghaidh tréimhse áirithe le laghduithe ó úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA

(1) Déanfaidh na Ballstáit na ceanglais fritháirimh CO_2 iomlána chríochnaitheacha a ríomh ar leithligh le haghaidh thréimhsí 2021–2023 agus 2024-2026.

(2) Déanfaidh na Ballstáit na ceanglais fritháirimh CO_2 iomlána chríochnaitheacha a ríomh le haghaidh an oibreora aerárthaí, tar éis laghduithe ar úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA a chur san áireamh, mar a leanas:

$FOR_c = (OR_{1,c} + OR_{2,c} + OR_{3,c}) - (ER_{1,c} + ER_{2,c} + ER_{3,c})$

i gcás:

FOR_c = ceanglais fritháirimh CO_2 iomlána chríochnaitheacha sa tréimhse áirithe *c*;

$OR_{y,c}$ = ceanglais fritháirimh an oibreora aerárthaí sa bhliain áirithe y (i gcás *y* = 1, 2 nó 3) de chuid na tréimhse *c*; agus

$ER_{y,c}$ = laghduithe de dheasca úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA sa bhliain áirithe y (i gcás *y* = 1, 2 or 3) de chuid na tréimhse *c*.

(3) Agus na laghduithe ó úsáid bhreoslaí incháilithe CORSIA á ríomh ag na Ballstáit, bainfidh siad úsáid as an bhfoirmle seo a leanas:

$$ERy = EF * \left[\sum_f MS_{f,y} * \left(1 - \frac{L_{CEF}}{LC}\right)\right]$$

i gcás:

ER_y = laghduithe ó úsáid bhreoslaí CORSIA sa bhliain áirithe *y* (i dtonaí);

EF = an fachtóir astaíochta mar a shonraítear i dTábla 1, Iarscríbhinn III a ghabhann le Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún ([5]);

$MS_{f,y}$ = mais iomlán bhreosla incháilithe CORSIA néata a éilítear sa bhliain áirithe *y* (i dtonaí), mar a thuairiscítear i gcomhréir le forálacha an ghnímh tharmligthe arna ghlacadh de bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE;

L_{CEF} = luach astaíochtaí saolré maidir le breosla incháilithe CORSIA (in gCO_2e/MJ) mar a thuairiscítear i gcomhréir le forálacha an ghnímh cur chun feidhme arna ghlacadh de bhun Airteagal 28c de Threoir 2003/87/CE; agus

LC = luachanna astaíochtaí saolré bonnlíne maidir le breosla eitlíochta, cothrom le 89 gCO_2e/MJ le haghaidh Scaird-bhreosla den chineál A, Scaird-bhreosla den chineál A1 nó Scaird-bhreosla den chineál B agus cothrom le 95 gCO_2e/MJ le haghaidh Gásailín Eitlíochta.

(4) I gcás inar lú suim cheanglais fritháirimh an oibreora aerárthaí sna 3 bliana den tréimhse áirithe ($OR_{1,C}$ + $OR_{2,C}$ + $OR_{3,C}$) ná 3 000 tona de CO_2, féadfaidh na Ballstáit, arna iarraidh sin don oibreoir aerárthaí, gan ceanglais fritháirimh a ríomh le haghaidh na tréimhse sin maidir leis an oibreoir aerárthaí sin.

(5) I gcás ina mbeidh ceanglais fritháirimh CO_2 an oibreora aerárthaí diúltach le linn na tréimhse (FOR_c), ní bheidh aon cheanglas fritháirimh ar an oibreoir aerárthaí le haghaidh na tréimhse sin. Ní thabharfar na ceanglais fritháirimh dhiúltacha sin ar aghaidh go dtí an tréimhse ina dhiaidh sin.

(6) Déanfar ceanglais fritháirimh CO_2 iomlána chríochnaitheacha an oibreora aerárthaí le linn tréimhse (FOR_c) a shlánú suas go dtí an tona CO_2 is gaire.

(7) Cuirfidh na Ballstáit an t-oibreoir aerárthaí ar an eolas faoina cheanglais fritháirimh CO_2 iomlána chríochnaitheacha faoin 30 Samhain 2024 le haghaidh thréimhse CORSIA 2021-2023, agus faoin 30 Samhain 2027 le haghaidh thréimhse CORSIA 2024-2026.

Airteagal 5

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 9 Iúil 2024.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2018/2066 ón gCoimisiún an 19 Nollaig 2018 maidir le faireachán agus tuairisciú a dhéanamh ar astaíochtaí gás ceaptha teasa de bhun Threoir 2003/87/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 601/2012 ón gCoimisiún (IO L 334, 31.12.2018, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2018/2066/oj).